INSERT PHOTOGRAPH

Chun Tosaigh: ***Ó chlé chun tosaigh:*** *Mary O'Hara, Oifigeach Cúram Leanaí, FSS, Karen O'Brien, (Aireoir Leanaí, Cathair na Mart), Pat Rabbitte, TD, Ann-Marie Downes (Aireoir Leanaí, Caisleán an Bharraigh) Pauline McCann (Aireoir Leanaí, Béal Átha na Muice)*
Ar chúl: Ó chlé: *Mary Heavey (Aireacht Leanaí Éireann), Loretta Heaney (Aireoir Leanaí, Clár Chlainne Mhuiris), Geraldine O'Grady (Aireoir Leanaí, Ceathrú an Chaisil), Jennifer Hughes (Aireoir Leanaí, An Éill), Mary Walsh, (Aireoir Leanaí, Caisleán an Bharraigh)*

LUCHT CÚRAM LEANAÍ AG GLUAISEACHT CHUN CINN

Tionóladh comhdháil aon-lae ins an Ridgepool Hotel, Béal an Átha ar an 8 Deireadh Fómhair. D'fhreastal cuid mhaith aireoirí leanaí ó gach ceard de Mhaigh Eo.

Labhair an tUasal Rabbitte, TD agus Ceannaire Pháirtí an Lucht Oibre faoin ghá atá le lucht cúram leanaí uilig a chlárú, is cuma cé mhéad páiste ar a bhfuil siad ag déanamh cúram. Dhéanfadh feidhmiú an mholta seo sruthchúrsáil a chur ar an earnáil chúram leanaí baile-bhunaithe, mar nach mbeadh aon difríocht idir aireoir páiste "fógraithe" agus neamh-fhógraithe. Tá gá, freisin, le caighdeáin náisiúnta chumais a bhunú d'aireoirí leanaí, creidiúintí cánach do thuismitheoirí agus struchtúr traenála chun cosán creidiúnaithe forchéimnithe a thairiscint do gach aireoir leanaí aonaránach.

Dúirt Cathaoirleach CCL Mhaigh Eo, Vivienne Rattigan go bhfuil sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don soláthar ollmhór a thugann aireoirí leanaí i Maigh Eo agus go náisiúnta d'ár bpobal agus d'ár n-eacnamaíocht ar bhonn laethúil. Ní bheadh tuismitheoirí fostaithe nó tuismitheoirí in oideachas/i dtraenáil in ann freastal ar bhonn laethúil murach an cúram baile-bhunaithe a sholáthraíonn lucht cúram leanaí gach lá. - thiocfadh an eacnamaíocht chuig lán-stad. Níor tugadh ariamh an t-aitheantas atá tuillte acu do lucht cúram leanaí i leith an tsoláthair atá tugtha acu d'ár bpobal. Bíodh sin mar atá, táthar ag súil go n-aithneofar tábhacht cúram leanaí fiúntach baile-bhunaithe trí rannpháirtíocht in imeachtaí mar anseo inniú.

Labhair scata aireoirí leanaí ag an gComhdháil. Labhair Geraldine O'Grady a dhéanann cúram leanaí i gCeathrú an Chaisil maidir lena taithí i dtosnú mar aireoir leanaí. Lean Pauline McGann a thug le fios dúinn mar a shocraigh grúpa aireoirí leanaí a ngréasán féin a bhunú i gceantar Bhéal Átha na Muice. Labhair Karen O'Brien faoin tairbhe a bhain sí as an traenáil uilig agus faoin gcaoi ar chuidigh sé léi ina ról mar aireoir leanaí.

Breathnaíodh ar dvd ar an lá de ghrúpa aireoirí leanaí ag tabhairt a gcuid léargais agus barúlacha ar an treo a fheiceann siad a slí-bheatha ag dul agus ar ar mhaith leo a bheith curtha in áit ag leibhéal náisiúnta ins na blianta atá le teacht.

Glacadh gur éirigh go rí-mhaith leis an lá agus go mba dheis mhór é chun buaileadh le haireoirí nua leanaí ag plé nithe maidir lena gcuid saothair. Bhí trí cheardlann ins an iarnóin ar scéalaíocht, ithe shláintiúil dod' pháistí agus ceol agus gluaiseacht. Bhí freastal maith orthu siúd.

Chríochnaigh an lá le dinnéar ag 7 i.n. agus cheana féin tá gach duine ag súil leis an ócáid an bhliain seo chugainn.

Ba é Coiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo a d'eagraigh an Chomhdháil i gcomhar le Luath sheirbhísí Cúram Leanaí, FSS agus Cúram Leanaí Éireann.

Eisiúint 6 - Samhain 2005

Coiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo

nuachtlitir

Tábla na n-Ábhar

1..... Aireoirí Páistí ag gluaiseacht chun cinn

2..... Réamhfhocal an Chathaoirligh

3..... An Modh Ard-Scóip

4..... Spotsolas Soláthraithe Cúram Leanaí

6..... Tuismitheoirí Fómhair agus Cúinne Leanaí

7..... Nuacht ón nGaeltacht

8..... An Fiú É Cúram Leanaí?

Réamhfhocal an Chathaoirligh

An Gá le Cúram Leanaí in Aois-Scoile i Maigh Eo

INSERT

I Meitheamh, 2001, bhunaigh An Coiste Comhordaithe Náisiúnta Cúram Leanaí faoi scáth na Roinne Dlí agus

PICTURE

Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, a dhéanann maoirseacht ar fhorbairt infra-struchtúir comhtháite ar fud na tíre, Grúpa Oibre ar Chúram Leanaí in Aois-Scoile, le dualgas i leith:

1) Soláthairtí reatha i gcóir chúram leanaí in aois-scoile a athbhreithniú in Éirinn agus i ndlínsí eile;
2) Treoirlínte a fhorbairt ar chaighdeáin fhiúntais do chúram leanaí in aois-scoile;
3) Moltaí a dhéanamh d'fhorbairt seirbhísí cúram leanaí ar bhonn ó cheann ceann na bliana , ag tógáil san áireamh na cineálacha éagsúla a leithéid de chúraim leanaí;
4) Tuairisciú ar na nithe seo don gCoiste Náisiúnta Comhordaithe.

In Éirinn atá ag síor-athrú, go háirithe ar thaobh na heacnamaíochta, tá sé deacair a bheith cruinn maidir leis an éileamh do chúram in aois-scoile. Tá tionchar ag brúnna eacnamúla, chomh maith le síor-mhéadú san líon ban ag fanacht ins an bhfórsa-oibre.

Taispeánann figiúirí agus sonraí a fuarthas ón Lár-Oifig Staitisticí agus an Suirbhé Náisiúnta Teaghlaigh go bhfuil, go Náisiúnta, tuairim is 360,000 paistí scoile. Is iad na figiúirí do Mhaigh Eo ná 0-14 bliana - 25,281.

Teastaíonn tuilleadh forbartha ar chúram leanaí in aois-scoile uainn in Éirinn.

- Molann an Grúpa Oibre go ndéanfaí na grúpaí seo a leanas a ghríosú go gníomhach chun áiseanna cúram leanaí in aois-scoile a fhorbairt:
- Grúpaí pobal-bhunaithe/ní chun sochair, ag áireamh grúpaí atá ann cheana féin ag a bhfuil an cumas leathnú isteach ins an gcúram leanaí seo
- Údaráis bhainistíochta scoileanna ag a bhfuil spás i bhfoirgnimh atá ann cheana féin chun áiseanna cúram leanaí féin-seasmhacha a dhéanfadh de réir sár-chleachtais ó cheann ceann na bliana.
- Údaráis bhainistíochta scoileanna a bhfuil talamh ar fáil acu chun áiseanna cúram leanaí "féin-seasmhacha" a bhunú a bheadh de réir sár-chleachtais agus a bheadh ar fáil ar bhonn ó cheann ceann na bliana.
- Soláthraithe príobháideacha cúram leanaí atá faoi réir le háiseanna cúram leanaí in aois-scoile a bhunú a d'osclódh ar bhonn ó cheann ceann na bliana agus
- Áiseanna cúram leanaí obair-bhunaithe.

Mar a moltar ins an Tuarascáil d'Fhorbairt Cúram Leanaí in Aois-Scoile, glacfaimidne ar Choiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo le mír na moltaí den tuarascáil seo ar an "Slí Chun Cinn". Tá sé beartaithe ag C.C.L. Mhaigh Eo seo a dhéanamh ins na slite seo a leanas:

Cur le tuiscint ar an earnáil chúram leanaí in aois-scoile, bunaigh fios maidir le infhaighteacht deontas i gcabhair agus chun grúpaí pobail agus soláthraithe príobháideacha a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar fhorbairt na seirbhísí lán-riachtanacha seo a chur chun cinn.

Mar i gcónaí, caithfimid smaoineamh ar na páistí an-speisialta seo a bhfuil riachtanais speisialta acu agus a chinntiú go bhfuil áiseanna oiriúnacha againn do na páistí seo a mbeidh cúram leanaí in aois-scoile ag teastáil uatha chomh maith.

Táim an-mhuiníneach go dtabharfaidh Coiste agus Foireann Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo faoin dúshlán seo le lán-díograis agus ghealltanais. Ón aithne atá agam oraibh, ní féidir liom ach a bheith dóchasach. Uair amháin eile ní fheicim muid mar "choiste" ach mar "fhoireann".

Aon pháirtí atá ag lorg tuilleadh eolais nó ceisteanna acu maidir leis seo déanaidís teagmháil le hoifig Choiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo.

INSERT PICTURE

Aireoirí Leanaí ag Gluaiseacht chun cinn

Chun Tosaigh ó chlé: *Clr. Harry Barrett, Johnny O'Malley (Méara Bhéal an Átha), Vivienne Rattigan (Cathaoirleach Choiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo), Pat Rabbitte, TD, Mary O'Hara (Oifigeach Cúram Leanaí FSS), agus Mary Heavey (Cúram Leanaí Éireann)*
Ar chúl ó chlé: *Geraldine O'Grady (Aireoir Leanaí, Ceathrú an Chaisil), Karen O'Brien (Aireoir Páistí, Cathair na Mart), Pauline McCann (Aireoir Leanaí, Béal Átha na Muice), Jim Power (Comhordaitheoir Choiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo), Jenny Bernard (Bainisteoir, Luath sheirbhísí, FSS)Loretta Heaney (Aireoir Leanaí, Clár Chlainne Mhuiris), Jennifer Hughes, Aireoir Leanaí, An Éill, Ann-Marie Downes (Aireoir Leanaí, Caisleán an Bharraigh, Mary Walsh (Aireoir Leanaí, Caisleán an Bharraigh)*

An Modh Ard/Scóip

Ag déanamh difríocht agus céard é an difríocht ag baint úsáid as an Módh Ard/Scóip

Tá fianaise ag bailiú anois go ndéanann Oideachas agus Cúram Óige Ard-Chaighdeáin difríochtaí leanúnacha do pháistí agus do chlanna. Thar bhlianta, tá tástáil déanta ag taighdeoirí ar éifeacht an Mhodha Ard/Scóip i leith oideachais réamhscoile, ag bailiú sonraí fadghearrtha ar an High/Scope Perry Preschool Project agus ar an High/Scope Preschool Demonstration Project. Míníonn torthaí na taighde seo cé mar a sholáthraíonn An Modh Ard/Scóip buntáistí buana do pháistí, do chlanna agus don bpobal. Léiríonn an taighde rátaí *méadaithe* litearthachta oideachas iar-dara leibhéal, infhostúlacht agus laghdú i dtarchur go oideachas speisialta, rátaí titim amach, brath ar leas shóisialach, toirchis déagóirí, gníomhaíocht chiontach agus choirpeach dhéagóirí, coireanna i gclanna agus mí-úsáid substaintí.

Céard a dhéanann difríocht, mar sin? Díríonn an taighde ar thábhacht an 'bheith i gceannas ar do shaol'. Bheadh *ethos* an Mhodha Ard/Scóip mar cheannas roinnte agus gur timpeallacht mhorálta roghnaithe agus comhshocraithe iad seomraí ranga. Cuireann an curaclam béim ar fhuascailt fhadhbanna seachas ar imirt neamhstruchtúrtha nó ar mhodhanna 'abair i mo dhiaidh-sa'. Breathnaítear ar pháistí mar fhoghlaimeoirí gníomhacha, ní mar spúinsí. Is mórchuid den ghnáth nós (atá sainiúil do Ard/Scóip) an t-ord Pleanáil-déan-athbhreithnigh. Seo é croí an Churaclaim Ard/Scóip ina ndéanann páistí rogha maidir le céard a dhéanfaidh siad, cuireann a gcuid smaointe i ngníomh, agus ansin déanann machnamh ar a ngníomhaíochtaí le daoine fásta agus lena samhail. Tá tionscnamh agus ceannasaíocht roinnte intuigthe ins an Mhúnla Ard/Scóip. Cruthaíonn sé deiseanna do pháistí obair a dhéanamh leo féin le tacaíocht ó dhaoine fásta.

INSERT PICTURE

Rinne Clay Shouse, ina bhun óráid don Tríú Comhdháil Idirnáisiúnta Ard/Scóip ceangal idir thréithe pearsantachta ar a ndearnadh forbairt tríd an ord sainiúil seo laistigh den Ghnáth nós Laethúil Ard/Scóip.

Plean - *tionscnamh, freagracht agus fiosracht.* Glacann páistí freagracht, léiríonn siad tionscnamh agus foghlaimíonn siad a bheith fiosrach agus faigheann siad amach maidir lena bhfuil ar siúl ag daoine eile.
Déan - Freagracht - *torthúlacht, cruthaitheacht, féin-mhuinín, smaoineamh eisréimneach, neamhspleáchas agus comhoibriú.* Airíonn páistí toradh, déanann siad modhanna agus ábhair dhifriúla a thriall agus foghlaimíonn siad a bheith ag obair go neamhspleách agus i gcomhar lena chéile.

Athbhreithniú - *muinín, féin-mhuinín, agus smaoineamh eisréimneach.*
Fásann muinín i bpáistí agus iad ag athbhreithniú agus déanann seo comparáid fhabhrach le meastachán arbh' fhéidir leis a bheith niogóideach agus ag gearradh siar ar mhuinín. Is féidir leis an mhuinín seo cuidiú le daoine óga roghanna maithe a dhéanamh in aghaidh bhrú óna macasamhail chun a bheith páirteach in iompair neamhoiriúnacha.

Thaispeáin páistí a bhí bainteach leis an taighde chomh maith scileanna cainte, fócas inmheánach smachta agus ard-fhéinmhuinín, freagracht agus mothúchán dea-bhail. I m'obair mar thraenálaí Ard/Scóip, de ghnáth déarfaidh tuismitheoirí gurb' iad seo na cáilíochtaí a dteastaíonn uatha dá bpáistí.

Bun-fachtóirí eile ins an Modh Ard/Scóip is ea go gcuidíonn an timpeallacht foghlama le spéis pháistí agus go gcuirtear a dtaithí gníomhacha léitheoireachta chun cinn. Tá stoc ábhair dhifriúla i láithreacha spéise, aitheanta go soiléir agus le lipéid chun cuidiú le páistí a bheith neamhspleách agus mar thionscnóirí ina gcuid foghlaim féin le cabhair ó dhaoine fásta. Léiríonn na hábhair cultúir agus foinsí spéise páistí.
Déanann daoine fásta i ranganna Ard/Scóip imeachtaí a phleanáil, coinníonn súil chúramach ar pháistí agus soláthraíonn siad tacaíocht agus stiúradh oiriúnach. Imríonn tuismitheoirí agus páistí araon ról gníomhach ins an modh seo.

Kathy Ewing
Traenálaí Foirne Ard/Scóip Éireann

Cúram Leanaí

Tosaigh Nua

f/ch Ionad Seirbhísí Sóisialta Chaisleán an Bharraigh,
Sráid an Chaisleáin, Caisleán an Bharraigh
Cineál Seirbhíse: Spraoighrúpa Pobail

Spraoighrúpa Pobail

Ceisteanna agus Freagraí

INSERT PICTURE

Spotsolas Soláthraithe

Cén chaoi ar thosaigh bhur sheirbhís agus cén uair a bunaíodh í?
Bhunaigh Siúracha na Trócaire an chéad spraoighrúpa fiche bliain ó shin ach bunaíodh an leagan reatha de Thosaigh Nua, mar spraoighrúpa pobal-eagraithe, sé bliana ó shin.

Cé mar a shásaíonn bhur spraoighrúpa riachtanais chúram leanaí i do cheantar?
Is spraoighrúpa seisiúnach muid ag rith dhá sheisiún, iad araon ag freastal ar scór páiste. Faoi láthair osclaímid ceithre lá sa tseachtain ach faoi cheann coicíse leathnófar seo go cúig lá.

Déan cur síos ar thógáil bhur seirbhíse. An bhfuil láthair spraoi lasmuigh ann?
Tá úsáid dhá sheomra móra againn ins an ionad seirbhísí sóisialta anseo i gCaisleán an Bharraigh. Faraor ní seomraí tiomnaithe iad agus faoi láthair níl láthair spraoi lasmuigh againn.

Céard iad bhur pleananna beartaithe chun feabhas a chur ar bhur seirbhís?
Táimid faoi láthair ag breathnú ar oiriúnacht sheirbhíse iar-scoile agus, freisin, táimid ag súil lenár seomraí tiomnaithe féin a bheith againn ins an ionad nua seirbhísí sóisialta nuair a thógfar é. Aireofar anseo láthair spraoi lasmuigh clúdaithe i bpáirt agus, dá réir sin, ní chuirfidh an aimsir fhliuch lag-mhisneach orainn.

Ar chuir sibh isteach ar aon mhaoinithe ón E.O.C.P.?
Chuir. Fuaireamar deontas tosaigh agus deontas foirne. Tá deimhniú díreach faighte againn go bhfuil síneadh dhá bhliain breise curtha lenár ndeontas foirne agus sin deá-scéal.

Cén cineálacha bailiúcháin airgid a dhéanann sibh?
Faoi láthair táimid ag bunú coiste bailiúcháin airgid don scoilbhliain úr. Tá sé beartaithe againn raifil, díolachán cácaí a bheith againn agus freisin tá iarratas déanta againn i leith bhailiúchán geata-séipéil.

Céard í an ghné is dearfaí de bhur seirbhís?
Is pobal oll chultúrtha Caisleán an Bharraigh atá ag fás go tapaigh agus soláthraímid cúram leanaí inacmhainne a spreagann comhaireamh. Spreagtar ár dtuismitheoirí uilig chun páirt ghníomhach a thógáil in eagrú ár naíonra ó lá go lá mar go n-eagraímid polasaí doras-oscailte, rud a chiallaíonn gur féidir le tuismitheoirí bualadh isteach ag aon am. Táimid ag súil go bhfoghlaimeoidh gach duine, an fhoireann ins an áireamh, uaidh seo.

Céard é a rogha gníomhaíochta ag bhur ngrúpa páistí?
Is rogha mór é an ráille adhmaid traenach chomh maith le traenacha agus carráistí. Cruthaíonn na páistí aistir iontacha trí thíortha samhailteacha, go minic ag áireamh ainmhithe feirme agus déanann siad droichid a chruthú ó bhloi., Ach, agus sin ráite, is rogha mór eile acu é taos-spraoi.

An bhfuil aon chúrsaí a mholfá do bhaill foirne agus do sholáthraithe eile cúram leanaí?
Seachas Fetac Leibhéal 2 agus Children First, Mholfainn go ndéanfadh baill foirne uilig freastal ar Diversity Training agus ar chúrsa aclaíochta agus beathaithe. Ach, dáiríre, ba chóir go dtógfadh gach duine i gcúram leanaí gach deis chun freastal ar bhreis traenála. Ní hiad na páistí amháin atá ag foghlaim - táthar ag súil go bhfuil muide freisin!

Cén chomhairle a thabharfadh sibh do ghrúpa pobail atá ag cur tús le seirbhís cúram leanaí?
Déan dian-taighde ar d'abhantrach agus faigh amach céard iad riachtanais an phobail. Déan teagmháil agus ceangail le do Oifigeach Forbartha Cúram Leanaí áitiúil agus ná déan dearmad comhairle a iarraidh ar ghrúpaí pobail eile

Jennifer Hughes

Cathair Dhubh, An Éill, Baile an Róba, Co. Mhaigh Eo
Cineál Seirbhíse: Aireoir Leanaí

Aireoir Leanaí

Ceisteanna agus Freagraí

Cé mhéad páiste ar a bhfuil tú ag déanamh cúram faoi láthair?
Ceathrar páiste réamhscoile. Páiste dhá bhliain d'aois, duine 21 mí, duine 15 mhí agus duine 6 mhí.
Cén chaoi ar thosnaigh tú ag tabhairt aire do pháistí?
D'iarr cara orm aire a thabhairt dá mbuachaill óg agus ba' shin a chuir tús le mo shlí bheatha i gcúram leanaí.
Cé chomh fada agus atá tú id' aireoir leanaí?
Tá mé ag obair mar aireoir leanaí ó mhí Feabhra na bliana seo.
An Aireoir Leanaí fógraithe nó neamhfhógraithe thú?
I láthair na huaire táim fógraithe deonach ach sar i bhfad beidh mé fógraithe.
Cén chaoi a n-oibríonn do shaothar cúram leanaí le do shaol clainne agus do ghnáth shaol?
Oibríonn sé go maith dúinn uilig go háirithe mar go bhfuil buachaill beag agam féin tugann sé am dom a bheith sa bhaile leis. Tugann cúram leanaí an deis dom freisin mo chuid airgid féin a shaothrú le linn dom a bheith i mo theach féin. Is páirt mhór dár saoil agus d'ár mbaile iad na páistí i mo chúram agus oibríonn sé go maith dúinn uilig.
An ndearna tú freastal ar chruinnithe gréasáin agus cén fáth an bhfuil siad tábhachtach duit?
D'fhreastal. Tig le cúram leanaí a bheith ina shlí-bheatha uaigneach agus airím go dtugann rannpháirtíocht san ghréasán deiseanna breátha aon fhadhbanna maidir le cúram leanaí a phlé. Is príomh bhuntáiste eile de bheith id' pháirt de ghréasán go gcuidíonn sé leat casadh le daoine agus deá chairdeas a dhéanamh le daoine atá páirteach ins an chineál céanna oibre leat féin.
Cén chineál gníomhaíochtaí a dhéanann tú leis na leanaí ar a ndéanann tú cúram?
Bímid páirteach le réimse leathan gníomhaíochtaí i gcaitheamh an lae ag coinneáil na n-aoiseanna difriúla i gcuimhne agus céard a dhéanfadh maitheas dóibh. Ag freastal ar a riachtanais laethúla, á gcoinneáil bainteach le tascanna laethúla, tascanna simplí dúinne mar ag cur na bhfataí nó na nglasraí isteach ins an sáspan don dinnéar, ag tabhairt a gréithe chuig an niteoir gréithe agus glanadh suas, saor shúgradh, tomhais, míreanna mearaí, lego, líníocht, scéalaíocht, damhsa agus amhránaíocht, súgradh le gaineamh agus uisce lasmuigh, freisin is breá leo an luascán agus an sleamhnán agus bheith ag dul ar shiúlóidí beaga chun na "mú" ba agus caoirigh a fheiceáil ins na páirceanna taobh leis an teach.
Ar chuir tú isteach ar dheontas an Aireora Leanaí?
Chuir agus bhain mé úsáid as chun an gaineamh agus an tráidire uisce, spraoi theach, sleamhnán agus luascán do mo ghairdín a cheannach.
Cén chomhairle a thabharfá do dhuine ar theastaigh uaidh/uaithi tús a chur le cúram leanaí?
Caithfidh gur bhreá leat a bheith le páistí agus a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh leis na tuismitheoirí ar bhealach soiléir. Caithfidh tú a bheith in ann obair leat féin i do theach féin. Clúdach ceart árachais a bheith agat agus freisin cúrsa garchabhair a bheith déanta agat.
Mholfainn freisin teagmháil a dhéanamh le Luath sheirbhísí Cúram Leanaí an FSS mar gurb' í Mary Gavin an t-oifigeach comhairleach cúram leanaí agus chuidigh an chabhair agus an tacaíocht a thug sí domsa dul chun cinn ins an treo ceart.

INSERT PICTURE

Ionad Cúraim- spraoi grúpa, réamhscoil & cúram lae iomlán
Sráid an Dáibhéidigh, Béal Easa, Co. Mhaigh Eo
Cineál Seirbhíse: Réamhscoil 3-5, Naíolann 2-3, Lá Iomlán.
Úinéir: Geraldine Maloney

Soláthraí Príobháideach

Ceisteanna agus Freagraí

Cén fhad atá tú sa ghnó a bheith ag soláthar cúram leanaí?
7 mbliana.
Cén fáth ar lean tú slí-bheatha i gcúram leanaí?
Nuair a bhí mé ag fás aníos bhí mé ag tabhairt aire do pháistí i mo chomharsanacht. Bhí suim mhór agam i gcónaí i gcúram agus i bhforbairt leanaí. D'fhoghlaim mé go mba threise a bhí seo nuair a d'oibrigh mé le riachtanais speisialta ar feadh 5 bliana nuair a rinne mé mo chúrsaí cúram leanaí nuair a bhí mé i Sasana
Céard é an leibhéal is airde traenála ar a bhfuil tú ag obair faoi láthair nó a chríochnaigh tú le gairid?
Children First - Montessori
Fit Tots
Déan cur síos ar fhoirgneamh do sheirbhíse, an bhfuil láthair lasmuigh agat?
Táimid lonnaithe i mbaile Bhéal Easa. Tá dhá urlár ag an bhfoirgneamh. Thíos staighre tá réamhscoil, cúram iomlán lae, leithris pháistí, oifig, leithris dhaoine fásta, cistin agus seomra béilí. Thuas staighre tá seomra súgartha 2-3 bliana d'aois, leithris le láthair athraithe agus seomra codlata. Tá dhá láthair lasmuigh. Ceann tarráilte, an ceann eile deice le claí sábháilte thart air.
Céard iad do chuid pleananna chun feabhas a chur ar do sheirbhís ins an am atá le teacht?
Cuirfear ceannbhrat ós ceann na deice i gcóir súgradh samhraidh agus geimhridh.
Ar chuir tú isteach ar aon mhaoiniú ón E.O.C.P.?
Níor chuir.
Céard í an ghné is dearfaí dod' sheirbhís?
Déanaimid cúram a sholáthar do leanaí in atmaisféar te, sábháilte agus cairdiúil agus déanaimid iad a réiteach i gcóir scoile.
Cén ghníomhaíocht is mó a thaitníonn i gcónaí le do ghrúpa leanaí?
Is breá leo súgradh salach - cré, taos súgartha, gaineamh agus gléasadh suas chun ról-imirt a chleachtadh.
An bhfuil aon chúrsaí ar a raibh tú a mholfá do Sholáthraithe eile?
Ag cur tús le gnó,
Garchabhair Leanaí,
Garchabhair.
Céard iad an dá phíosa fearais/ábhar atá fíorluachmhar dod' sheirbhís, dar leat?
Gaineamh, péint.
Cén chomhairle a thabharfá do sholáthraí príobháideach ag cur tús le seirbhís?
Déan amach plean gnó. Taisteal chuig seirbhísí eile agus socraigh céard atá riachtanach i do cheantar. Tosnaigh go beag agus tóg ar sin. Bí toilteanach oibriú go crua mar go dteastaíonn d'aire ó pháistí. Tá sé thar a bheith sásúil go háirithe nuair a insíonn tuismitheoir duit cé chomh maith agus atá éirithe leis an bpáiste.

INSERT PICTURE

Fómhar

Cúinne Leanaí agus Tuismitheoirí

Leabharmharcanna Fear Bréige

Leabharmharcanna "baile" do chomrádaí speisialta léitheoireachta.

Ábhair

- **páipéar**
- **meaisín cóipeála/lámhlínithe**
- **siosúir**
- **gliú**
- **criáin nó rud éigin eile i gcóir dathúcháin (do leagan cló d&b)**
- **ROGHNACH**
  - olann
  - páipéar tadhaill glan

Treoracha

- **Dathaigh mar is mian leat**
- **Gearr amach an leabharmharc (aon dronuilleog mhór amháin) agus fill in dá leath (ó chlé go deas) ar an líne láir.**
- **Gliú chun go bhfanfaidh sé fillte ar a chéile.**
- **ROGHNACH: clúdaigh le páipéar tadhaill glan chun go mairfidh sé níos faide (d'fhéadfá freisin píosa cairtchláir a chur ins an lár roimh ghliúáil ar mhaithe le leabharmharc níos teanna).**
- **ROGHNACH: Prioc poll i mbarr an leabharmhairc agus ceangal sreangán/snáth olla tríd mar shiogairlín.**

Dá	**Dá**
mbeadh	**mbeadh**
leabhar	**leabhar**
agam..	**agam..**

Comhairlíonn C.C.L.C.M. maoirseacht dhaoine fásta nuair atá siosúir á n-úsáid

Dia dhaoibh uilig arís,

Tá laethanta an fhómhair anseo arís. Tá domhain Mháthair an Nádúir ag athrú a cuid feistis go dathanna buí, donn, dearg agus órga. Seo é séasúr an chasadh siar den bhliain, tá na laethanta ag éirí níos giorra, titeann an oíche níos luaithe, rud a chiallaíonn tráthnónta fada teolaí cois tine neadaithe síos le leabhar maith. Cibé acu ar chaith tú an lá ins an aimsir sheaca nó go gnóthach ag dul anonn agus anall, bainigí sult as an athrú séasúir le bhur bpáistí trí chótaí, hataí agus scairfeanna a chaitheamh agus a dhul amach agus breathnú ar céard atá ar siúl i ndomhain an nádúir. Déan an t-athrú i ndathanna na nduilleoga a phlé le bhur bpáistí chomh maith leis na barra a bheith á mbaint agus go bhfuil ainmhithe mar an t-iolra rua gnóthach ag bailiú cnónna ag réiteach don gheimhreadh fada atá le teacht. Chun cuidiú libh grá bhur bpáistí do leabhair agus do chruthaitheacht a spreagadh rinneamar teimpléad agus treoracha do leabharmharc Oíche Shamhna a d'fhéadfadh siad a dhéanamh dá rogha leabha(i)r féin a d'fhéadfadh sibh a roinnt le chéile ar cheann de na tráthnónta fairsinge teolaí fómhair amach romhaibh. Ní hé amháin go mbeidh sibh ag spreagadh a gcuid scileanna léitheoireachta ach a gcuid scileanna ealaíonta chomh maith. Is cinnte go mbeidh siad, agus tusa chomh maith, bródúil as a leabharmharcanna.
Go raibh go leor tráthnónta deasa fómhair agaibh uilig!

Gráinne de Barra

Oideas Oíche Shamhna

Brioscaí Aghaidh Phuimcíní

Tá na brioscaí boga cácúla seo díreach ceart do bhur n-aíonna is óige ar Oíche Shamhna. Níl aon ghrabhróga, chnónna, nó aon rud greannmhar anseo seachas na haghaidheanna miongháire Sheáin na gealaí a chuir tú isteach!

- 1 cupán (250ml.) ime
- ½ cupán (125 ml) siúcra gránaithe
- 1 ubh
- 1 cupán (250 ml) piúiré puimcíní (cannaithe nó déanta sa bhaile)
- 2 chupán (500 ml) plúr oll-úsáide
- 1 tsp. (5 ml) cainéil
- ½ tsp (2 ml.) sinséar meilte
- ½ tsp.(2ml.) púdar bácála
- ¼ tsp.(1 ml.) sóid bhácála
- 1 Feadán oighir mhaisitheora (bán oráiste nó dubh)
- sreanga liocrais (donn, más féidir) do ghais

1. I mbabhla mór measctha, buail an t-im leis an siúcra gránaithe agus siúcra donn go dtí go n-éiríonn sé mar uachtar, ag scríobadh síos na taobhanna uair nó dhó. Cuir an t-ubh leis agus buail go dtí go bhfuil sé measctha go maith , ansin cuir isteach an piúiré puimcíní agus lean á bhuaileadh ar feadh tuairim is nóiméad.
2. I mbabhla eile, measc le chéile an plúr, an cainéal, an sinséar, an púdar bácála agus an sóid bhácála. Cuir an meascán seo leis an mheascán ime in dá nó i dtrí chuid, á bhuaileadh go maith tar éis gach méadú. Cuisnigh an taos ar feadh timpeall 1 uair nó go dtí go mbeidh sé sách dlúth lena láimhseáil.
3. Déan an t-oigheann a réamh théamh go 375 gcéim (190 céim C). Déan brat brioscaí nó dhó le páipéar páir.
4. Le do lámh, rollaigh an taos i liathróidí 1" go 1 ½ "
Leag ar an mbrat brioscaí tuairim is 1 orlach ó chéile. Bácáil ar feadh 10 go 12 nóiméad nó go bhfuil an bonn beagáinín donnaithe agus an briosca lingeach ach dlúth. Bain na brait bhrioscaí agus lig dóibh fuarú go hiomlán roimh a maisithe.
5. Chun an pictiúr a chríochnú, maisigh gach briosca le haghaidh Sheáin na gealaí ag úsáid oighriú an mhaisitheora. Gearr píosa gearr sreangáin liocrais agus prioc isteach sa bharr mar ghas.
Déanann 3 dhosaen.

Mar ar féidir le páistí cuidiú a thabhairt:

- Cuidiú leis na comhábhair a chur ins an taos le linn don duine fásta a bheith á mheascadh.
- Déan liathróidí as an taos i gcóir bácála.

Maisigh na brioscaí le hoighriú nó cibé eile ar mhian leo

NB. Molann C.C.L.C.M. maoirseacht dhaoine fásta nuair a úsáidtear oighinn.

Nuacht ón nGaeltacht

Pamela Ní Thaidhg

As already presented

Seoladh Togra Taighde Chúram Leanaí
INSERT PICTURE

Ó chlé: Jim Powers (Comhordaitheoir C.C.L.M.), Seán Ó Héalaí, Ciara Keane (Taighdeoir), Dr. Gerry Crowley (T.D.).

An Fiú Cúram Leanaí?

Breathnaítear fós ar chúram leanaí mar dhualgas baineann agus tá ról lárnach ag rialtas áitiúil agus náisiúnta i bhforbairt áiseanna cúram fiúntacha agus insroichte chúram leanaí i gceantair chathrach agus tuaithe, de réir "Careers and Our Children - a study of the childcare needs of working parents in County Mayo", staidéar taighde foilsithe ag Coiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo inniu, (24 Meitheamh 2005).

Léirigh an taighde, a sheol an tUasal Fergus Finlay, Stiúrthóir Bernardo's, go raibh mná i réim ins an earnáil pháirtaimseartha oibre ar mhaithe le cothromaíocht obair/saol a bhaint amach. Mar thoradh, tá tionchar tromchúiseach aige seo ar mhná ag fanacht ar ardú-céime ina slite beatha agus ní toradh fad-téarmach é ar chomh dheiseanna ins an ionad oibre agus ar an ghéarchéim reatha i gcúram leanaí. Níos sainiúla do chúram leanaí, léiríonn an tuarascáil go bhfuil baint ag an infhaighteacht agus inacmhainneacht chúram leanaí ar shocraithe oibre thuismitheoirí agus ar a slite beatha.

Dúirt an tUasal Jim Power, Coiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo, áit a raibh fáil ar dhóthain áiseanna cúram leanaí nó ar thacaíocht chlainne gur dhúirt tuismitheoirí nárbh' ghá dóibh tairbhe a bhaint as na cineálacha difriúla socraithe oibre nó nach raibh tionchar ag cúram leanaí ar a slite beatha.

"Bheireann seo infhaighteacht chúram leanaí fhiúntach, inacmhainneach isteach i réimse an fhostóra. Tá sé tábhachtach, mar sin, go gcuirtear fostóirí ar an eolas maidir le hearnáil ghníomhach chúram leanaí agus go bhfuil a bpáirtíocht riachtanach chun é seo a bhaint amach," a dúirt sé.

Tá ról lárnach ag an Rialtas i soláthar cúraim leanaí fiúntaigh inacmhainnigh. Léirigh tuismitheoirí an gá le costas a laghdú agus le feabhas a chur ar infhaighteacht trí faoisimh chánacha; cur le saoire íoctha mháithreachais; soláthar pá do shaoire thuismitheoirí; lonnú ciallmhar áiseanna, go háirithe i gceantair thuaithe; tacaíocht do thuismitheoirí a fhanann sa bhaile; proifisiúnú na hearnála cúraim leanaí trí rialú agus thraenáil i gcúram leanaí fiúntach; infhaighteacht ar eolas maidir le seirbhísí cúram leanaí i gContae Mhaigh Eo; ag cinntiú gurb é an norm seachas an eisceacht iad socraithe oibre clanna-cairdiúla agus caighdeánú comhionannais chúram leanaí.

"Ní leor é áiteanna breise cúram leanaí amháin a mholadh mar go dteastaíonn ó thuismitheoirí go ndéanfadh a bpáistí freastal ar áiseanna fiúntacha cúraim leanaí atá sábháilte, rialaithe agus a ligeann dá bpáistí a bheith i gcúram ins an slí is fearr a mheasann siad a bheith oiriúnach.

"Is cóir go mbeadh cúram fiúntach inacmhainneach leanaí mar cheart, ní hé amháin ag an dtuismitheoir ach ag an bpáiste. Tá an cumas ag cúram fiúntach leanaí a dhul i ngleic leis na fadhbanna atá ag bagairt ar pháistí i gcomhluadar an lae inniu ó bheathaitheacht go ciníochas. Caithfidh páistí uilig an ceart a bheith acu forbairt agus foghlaim trí shúgradh agus níor cheart go mbeadh an ceart seo ar fáil ag an mbeagán a bhfuil fabhar acu amháin," a mhínigh Jim Power.

Fiafraíonn an taighde an fiú cúram leanaí agus má tá an pobal Éireannach toilteanach athroinnt a mholadh ar acmhainní reatha chun costais chórais fhiúntaigh chúram leanaí a shásamh nó breis chánach a íoc?

D'aithin Coiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo an gá le taighde a dhéanamh ar "Riachtanais Chúram Leanaí Thuismitheoirí Fostaithe" laistigh de chomhthéacs Chontae Mhaigh Eo. Rinne an taighde seo, a d'eagraigh Ciara Keane, suirbhéireacht ar thuismitheoirí fostaithe chun a n-imní agus a riachtanais maidir le cúram leanaí a fhail amach. Tá plé agus moltaí an doiciméid bunaithe ar bharúileacha agus ar chleachtadh na dtuismitheoirí iad féin agus ar chéim níos lú, ar na proifisiúnaithe a oibríonn i réimse an chúram leanaí.

Tuilleadh eolais ó:
Jim Power, Uasal, Coiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo.
Oifig: Lána an Mhuilinn, Sr. an Droichid, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo
Teil. (oifig) 094 9034778 **Fón Póca** 087 2793085
Faics. 094 9034815 **Rphoist** maryconway@mayococo.ie

INSERT LOGO

Coiste Chúram Leanaí
Chontae Mhaigh Eo

Cá bhfuil fáil orainn?

Déanann Coiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo agus Seirbhísí Luathchúram Leanaí oifigí a roinnt i Lána an Mhuilinn, Sráid an Droichid, Caisleán an Bharraigh, Co Mhaigh Eo.

Sonraí Teagmhála Sheirbhísí Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo:
Teil: 094 9034778
Faics: 094 9034815
Rphost: maryconway@mayococo.ie
Suíomhlíon: www.mayococo.ie

Sonraí Teagmhála Sheirbhísí Luathchúram Leanaí:
Teil: 094 9034776
Faics: 094 9034815
Rphost: trina.mcginty@whb.ie

Buíochas ó Choiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo

Buíochas as an séú heagrán de nuachtlitir Choiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo a léamh. Buíochas dóibh siúd go léir a chabhraigh leis an eagrán seo. Má tá eolas ar bith nó ailt agat a cheapann tú a bheadh tairbheach do sholáthraithe cúram leanaí nó tuismitheoirí sa chontae, cuir chugainn iad le do thoil agus déanfaimid iarracht iad a fhoilsiú ins an chéad eagrán eile d'ár nuachtlitir.

Séanadh Freagrachta

Rinneadh gach iarracht a chinntiú go bhfuil an t-eolas ins an bhfoilseachán seo cruinn agus chun dáta. Ní féidir le Coiste Chúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo agus/nó le na gcuid seirbhísigh nó gníomhairí aon fhreagracht a ghlacadh i ngeall ar chaillteanas nó chruachás tarlaithe d'aon duine ag gníomhú nó ag stopadh ó ghníomhú mar thoradh ar ábhar ins an bhfoilseachán seo

(INSERT LOGOS)

Maoinithe ag Rialtas na hÉireann agus páirt-mhaoinithe ag Cistí Struchtúrtha an Aontais Eorpaigh faoin bPlean Náisiúnta Forbartha 2000-2006